



## Ag Eagrú Seisiún Cóitseála agus Aclaíochta Ar Líne do Dhaoine Óga

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil tionchar mór á imirt ag na cluichí agus na seisiúin traenála a bheith ar athló, go sealadach, ar go leor againn – ár bhfoirne faoi aois, na páistí agus na daoine óga inár gclubanna, i.e. iad siúd atá faoi bhun 18 bliain agus a dteaghlaigh, san áireamh.

Is deas a choisteáil, mar sin féin, ó chóitseálaithe agus ó chlubanna a rinne teagmháil linn le gairid agus iad ag lorg cead seisiúin chóitseála agus aclaíochta bheo ar líne a chur ar fáil do fhoirne faoi aois, le linn na ré srianta seo. Is mian linn tacú le tograí den chineál seo ach treoir cheart sábháilteachta a bheith á leanúint agus dea-chleachtais a bheith i bhfeidhm.

Dréachtadh na treoirlínte seo a leanas d'fhonn cabhrú le cóitseálaithe seisiúin chóitseála agus aclaíochta bheo ar líne a chur ar fáil do dhaoine óga faoi 18 bliain. Cabhróidh siad lenár gcóitseálaithe agus leis na daoine óga oibriú i dtimpeallacht sábháilte trí chumarsáid shábháilte ar líne a úsáid agus trí dheis a chur ar fáil do chóitseálaithe teacht ar acmhainní cóitseála breise ar líne. Tá na treoirlínte seo, de réir Riail 1:13 de Threoir Oifigiúil Chumann Lúthchleas Gael, mar chuid den Chód Iompair (faoi aois).

**Más mian le do Chlub seisiúin chóitseála agus aclaíochta bheo ar líne a chur ar fáil do imreoirí faoi aois is gá na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm, mar is gá do lucht painéal forbartha ag leibheál an chontae agus go réigiúnda:**

- Is gá do chóitseálaithe cead a fháil óna gcuid Clubanna/Contaetha le seisiúin chóitseála agus aclaíochta ar líne a chur ar fáil ar a son. Is gá seoladh oifigiúil de chuid @gaa.ie a úsáid agus an seisiún ar líne á reiteach thar ceann an chóitseálaí
- Is gá cead a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí aon duine óg atá ag baint úsáide as an tseirbhís seo i bhfoirm réamhchlarúcháin, ina n-áirítear sonraí teagmhála/rochtana na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Níor cheart go mairfeadh seisiúin aclaíochta agus chóitseála níos mó ná 30 nóiméad agus níor cheart go mbeadh níos mó ná dhá cheann in aghaidh na seachtaine ann
- Ní ceadmhach do chóitseálaithe seisiúin ar líne duine le duine a dhéanamh – is gá go mbeadh íosmhéid de thriúr daoine óga ann an t-am ar fad
- Is gá liosta a dhéanamh, a choinneáil agus a chur ar fáil faoi chúram an Oifigigh Leanaí chuí, más gá, de na daoine óga agus de na cóitseálaithe uile a ghlacann páirt i ngach seisiún, tríd na céimeanna cuí sa treoir 'Microsoft Teams User Guide' a leanúint
- Tá na sonraí teagmhála/rochtana a bhailítear mar chuid den togra seo le húsáid don togra seo amháin agus is gá na sonraí seo a scrios nuair a thagann deireadh leis an togra
- Níor cheart aon íocaíocht a lorg uathu siúd a ghlacann páirt sna tograí seo ná óna dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ach an oiread
- Is gá go go mbeadh an t-ábhar agus an bealach a mhúintear na seisiúin chóitseála agus aclaíochta uile feiliúnach do aois na rannpháirtithe. D'fhonn sin a bhaint amach, is gá gach seisiún a dhíriú ar aoisghrúpa ar leith



- Má tá duine óg tinn nó gortaithe, NÍOR cheart dóibh páirt a ghlacadh sa seisiún
- Is féidir le tuismitheoirí cabhrú le rannpháirtithe níos óige le linn na seisiún seo más gá
- Ba cheart seisiún traenála a dhéanamh trí 'Microsoft Team' amháin – tá uirlisí eile ann atá mar an gcéanna le 'Microsoft Team' ach níl siad clúdaithe faoi mheicníochtaí rialachais Chumann Lúthchleas Gael
- Tá an treoir 'Microsoft Teams User Guide' ceangailte leis an gcáipéis seo. Tá 'Microsoft Teams' ar fáil do úsáideoirí uile 'GAA Office 365' – is iad seo na hoifigigh a bhfuil fáil acu ar sheoltaí ríomhphoist de chuid '@gaa.ie'.
- Is gá gur seisiún aontreo a bheidh i ngach seisiún. Is gá do eagraí an tseisiún a dhéanamh cinnte go bhfuil an acmhainn 'roinnt scáileán', chomh maith le gach 'físeán isteach', múchta de réir na gcéimeanna a luaitear sa treoir 'Microsoft Team Users Guide'.
- Is gá aon cheacht iarsheisiúin a chur chuig gach rannpháirtí atá cláraithe seachas chuig aon rannpháirtí aonarach ar leith
- **Is gá** do aon chóitseálaí a ghlacann páirt sna seisiúin seo riachtanais an Chóid Iompair (faoi aois) do chóitseálaithe a chomhlíonadh sa mhéid is go bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu, go bhfuil an traenáil chuí chosanta leanaí faighte acu agus go bhfuil buncháilíochtaí cóitseála bainte amach acu
- D'fhéadfaí seisiún a thaifeadh. Chuirfí na taifid seo ar fáil do tuismitheoirí/chaomhnóirí na ndaoine óga atá cláraithe ach iad a iarraidh

Spreagtar cóitseálaithe le clárú agus le hacmhainní 'Have a Ball FMS/ABC' a fheiceáil ar shuíomh foghlama CLG (GAA Learning) ag <https://learning.gaa.ie/coachingresources> áit a bhfuil tuilleadh acmhainní cóitseála agus scileanna ar fáil le híoslódáil.

D'fhéadfaí na treoirínte thuasluaite a athrú dóibh siúd atá ag cóitseáil daoine fásta ar líne.